

Céadaoin an Luathrigh 2022

Is ionann *Céadaoin an Luathrigh* agus tús an Charghais. Cuireann sé tús leis an turas go dtí féile mór na Cásca. Is é Céadaoin an Luathrigh an chéad cheann de dhá lá de *throscaidh agus tréanas* san Fhéilire Liotúirgeach. Is é *Aoine an Chéasta* an ceann eile agus bíonn sé ag deireadh an Charghais.

Ar Chéadaoin an Luathrigh, beannaíonn an sagart an luathreach. Faightear an luathreach trí na craobhacha pailme a bhíonn fágtha tar éis Domhnach na Pailme na bliana roimhe sin a dhó. Ní Lá Saoire Eaglasta é Céadaoin an Luathrigh, ach fós freastalaíonn a lán Caitlicigh ar an Aifreann nó tugann siad cuairt ar an séipéal an lá sin agus déantar Comhartha na Croise ar a mbaithis leis an luathreach,

Is comhartha den aithrí é an luathreach. In aimsir an tSean Tiomna, léirigh daoine aiféal faoina gcuid peacaí trí *sacéadach agus luathreach* a chaitheamh ar a gcloigne. Bhí siad ag iarraidh maithiúnas ar aon rud a bhí déanta as bealach acu le linn na bliana.



Cuireann luathreach i gcuimhne dúinn freisin go dtiocfaidh deireadh leis an am atá againn ar an saol seo agus go gcuirfear tús lenár mbeatha síoraí le Dia. Is é seo a gealladh dúinn nuair a baisteadh muid. Dá bharr seo tá ceangal idir Chéadaoin an Luathrigh ár dturas tríd an gCarghas agus ár n-aistear tríd an saol.

Déanann an sagart nó ministéar tuaithe Comhartha na Croise ar ár gclár éadain leis an luathreach beannaithe agus deir “Déanaigí aithrí agus creidigí sa Soiscéal”. Meabhraíonn sé seo dúinn na sean bhealaí a chaith ar leataobh agus muid a spreagadh chun maireachtáil de réir an Dea Scéil a mhúin íosa dúinn.

Is comhartha é an *Chros Luathrigh* a chuirtear ar ár gclár éadain ar an lá speisialta seo, go bhfuil muid toilteanach aithrí a dhéanamh agus go gcreideann muid sa Dea Scéal agus go maireann muid dá réir.



Urnaí

A Dhia,

Inniu, agus muid ag caitheamh an luathreach seo, cabhraigh linn a bheith i gcónaí feasach go bhfuil grá agat dúinn i gcónaí. Cabhraigh linn a bheith inár bpobal grámhar, cineálta. Cabhraigh linn droim láimhe a thabhairt do na rudaí a scarann ó do ghrá muid. Áiméan.